



An Dr Ronan Glynn,  
Leas-Phríomhoifigeach Míochaine,  
An Roinn Sláinte  
Miesian Plaza,  
50 – 58 Sráid Bhagóid Íochtarach,  
Baile Átha Cliath 2.

26 Feabhra 2021

A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,

A bhuí leis an obair chrua a chuir tú isteach agus lena thoilteanaí a bhí tú cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí thar an dá mhí seo a chuaigh thart, d'éirigh linn fiordhul chun cinn a dhéanamh ar an ráig is déanaí de COVID-19 a chur faoi chois. Mar gheall ar an dul chun cinn sin, is féidir le bunscoileanna, le hiar-bhunscoileanna agus le soláthraithe cúram leanaí i gcoitinne tosú ar a gcuid oibre ar bhonn céimnithe anois.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoina thábhachtaí atá scoileanna maidir le sláinte agus folláine fhoriomlán leanaí, agus rinneadh an riosca a bhaineann le COVID-19 a mheas go cúramach in aghaidh an fhíordhochair a dhéanann dúntaí marthanacha scoile. Tá scoileanna i gcroílár ár bpobal agus imríonn siad ról bunúsach i saol sóisialta agus folláine shóisialta ár leanaí; tá an méid sin fíor go háirithe i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, atá faoi mhíbhuntáiste nó a ndearna na dúntaí scoile thar an mbliain seo a chuaigh thart difear díréireach dóibh.

Is é an tosaíocht atá againn fillleadh sábháilte ar an scoil a chinntiú do dhaltaí, dá dteaghlach agus do bhaill foirne scoile. Is é sin an fáth ar mholamar fillleadh céimnithe ar an bhfoghlaím ionscoile.

Agus an moladh sin á dhéanamh aici, is é an príomhábhar inní atá ag an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) ná go measfaidh teaghlaigh agus an mhórshochaí gurb inghlactha anois atá cineálacha eile measctha agus soghluaisteachta idir teaghlaigh.

Ní hacmhainn dúinn é sin a dhéanamh an babhta seo. Beag beann ar an dul chun cinn a rinneamar, bíonn COVID-19 fós á leathadh go mór inár bpobail. Ní mór dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon chun a chinntiú go dtiocfaidh an laghdú is lú is féidir ar an uimhir atáirgthe de bharr athoscailt na scoileanna.

Ná cruinnigh ag geataí scoile thar na seachtainí atá le teacht. Ná bíodh aon choinní súgartha agat agus ná heagraigh gníomhaíochtaí iarscoile ina measfaidh teaghlaigh dhifriúla le chéile. Agus lean ort ag obair ón mbaile, ach amháin i gcás go bhfuil sé riachtanach go n-oibreofá áit éigin eile. Is tríd an tacaíocht leanúnach a thabharfaidh tú do na bearta sin, agus tríd an tacaíocht sin amháin, is féidir linn a chinntiú go bhfillfidh ár leanaí ar scoil agus go bhfanfaidh siad ar scoil ansin.

Tá a fhios agam gur iarrataí deacra iad sin. Táimid go léir – aosaigh agus leanaí araon – ag iarraidh teacht le chéile lenár gcuid cairde agus comharsan arís agus fillleadh ar an ngnáthshaol. Agus tarlóidh sé sin.

Tá trí vacsaín an-éifeachtach againn anois agus tá dóchas ann go bhfuil trí cinn eile ar an mbealach. Thar na seachtainí atá le teacht, vacsaíneofar daoine scothaosta agus daoine atá i mbaol ard nó i



mbaol an-ard galar trom a fhulaingt agus feicimid méaduithe substaintiúla sa soláthar ó mhí Aibreáin ar aghaidh. Tá tionchar an-dearfach na vacsaíní á fheiceáil againn cheana féin inár dtithe altranais agus i measc ár n-oibríthe cúram sláinte. Más féidir linn na vacsaíní a rolladh amach agus leanúint leis an ngalar a chur faoi chois le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin, beidh cuid mhór roghanna eile againn maidir le bearta a mhaolú agus ba cheart go mbeimis in ann i bhfad níos mó cinnteachta a thabhairt do dhaoine faoi na míonna atá romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leat as gach rud a rinne tú chun do theaghlach agus ár bpobail a choinneáil sábháilte thar an mbliain seo a chuaigh thart. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na múinteoirí, na príomhoidí agus na baill foirne scoile uile a d'oibrigh chomh crua sin chun a chinntiú gur cuireadh bearta i bhfeidhm ar mhaithe le srian a chur leis an mbaol go leathfaí COVID-19 i scoileanna. Chuir an tromlach an cineál oibre sin isteach go ciúin. Bhí an obair sin mar bhonn agus thaca ag ár bhfreagairt náisiúnta do COVID-19 agus is mar thoradh uirthi a bhainfimid amach na laethanta geala atá romhainn.

Le dea-mhéin

An Dr Ronan Glynn,

Leas-Phríomhoifigeach Míochaine,

An Roinn Sláinte.